



An Bhruiséil, 6 Márta 2026
(OR. en)

5443/23
DCL 1

ASILE 10
MIGR 28
FRONT 16
JAI 55
COEST 38

DÍ-RÚNAICMIÚ

ó dhoiciméad: 5443/23

dar dáta: 18 Eanáir 2023

stádas nua: Public

Ábhar: Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena gcuirfear bunús faoin malartú faisnéise maidir le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an leagan den doiciméad thuasluaite a scaoileadh ó rúnaicmiú.

Is ionann an téacs sa doiciméad seo agus an leagan roimhe sin.



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Eanáir 2023
(OR. en)

5443/23

RESTREINT UE/EU RESTRICTED

JAI 55
ASILE 10
MIGR 28
FRONT 16
COEST 38

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 712 final
Ábhar:	Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena gcuirfear bunús faoin malartú faisnéise maidir le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 712 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2022) 712 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 9.12.2022
COM(2022) 712 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena gcuirfear bunús faoin malartú faisnéise maidir le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach

DECLASSIFIED

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

• Na cúiseanna agus na cuspóirí atá leis an moladh

Faoi Airteagail 10 agus 27 den Treoir um Chosaint Shealadach¹, ní mór do na Ballstáit sonraí pearsanta tairbhíthe de chosaint shealadach a chlárú agus na bearta iomchuí uile a dhéanamh chun comhar díreach agus malartú faisnéise a chur a bhunú² idir na húdaráis inniúla. Cé nach gcuireann ceithre thír atá comhlachaithe le Comhar Schengen an Treoir um Chosaint Shealadach i bhfeidhm, mar atá an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, tá a gcuid córas féin acu maidir le cosaint shealadach. Thairis sin, ós rud é gur cuid de limistéar Schengen iad, is éard atá sna tíortha sin, in éineacht le Ballstáit an Aontais, spás amháin ina bhféadfaidh na tairbhíthe de chosaint shealadach gluaiseacht faoi shaoirse. Ar an gcúis sin, léirigh an Eilvéis gur spéis léi a bheith in ann sonraí a mhalartú leis na Ballstáit maidir le daoine easáitithe.

Ó thaobh an Aontais de, is chun leas na mBallstát é foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht sonraí a mhalartú leis an Eilvéis, tír a raibh 65 953 dhuine a thairbhíonn de chosaint shealadach ar a críoch cláraithe aici an 25 Deireadh Fómhair³. Leis an malartú faisnéise sin féadfaidh na Ballstáit daoine atá cláraithe san Eilvéis a shainaithint agus d'fhéadfadh sé go n-éireoidís as na tairbhí a bhaineann leis na cearta a ghabhann le cosaint shealadach a thabhairt do dhuine dá mba rud é go raibh an duine sin cláraithe san Eilvéis.

Is éard is aidhm don chomhaontú atá beartaithe bunús dlí a leagan síos chun go bhféadfaidh na Ballstáit na sonraí ábhartha a mhalartú leis an Eilvéis. Níl sé beartaithe go mbeadh an comhaontú idirnáisiúnta ina ionstraim lena n-aithneofaí leibhéal cosanta sonraí na dtrí tíortha sin de réir bhrí Chaibidil V de Rialachán (AE) 2019/679⁴.

2. BUNÚS DLÍ

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá le cinneadh lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus tríú tír agus lena ndírítear treoracha chuig an idirbheartaí.

Ní féidir an bunús dlí substainteach atá le síneadh agus tabhairt i gcrích an chomhaontaithe nua a shainiú ach ag deireadh na caibidlíochta, i bhfianaise a bhfuil sa chomhaontú.

¹ Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear chun cinn cothromaíocht iarrachtaí i measc na mBallstát ó thaobh na daoine sin a ghlacadh isteach agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint acu.

² Ní mór do na Ballstáit a bheith in ann sonraí pearsanta a mhalartú chun a gcuid cúraimí faoi Airteagail 11, 15 agus 26 den Treoir um Chosaint Shealadach a chomhlíonadh.

³ Líon carnach na gelárúchán.

⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE.

3. IMPLÉACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht bhuiséadach ag an gcomhaontú.

DECLASSIFIED

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena gcuirfear bunús faoin malartú faisnéise maidir le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ag an gcuinniú den Chomhairle an 4 Márta 2022, i bhfianaise an mhórshrutha isteach daoine atá ar a dteitheadh ón Úcráin de thoradh ionradh na Rúise ar an Úcráin, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382⁵ d'aon toil
- (2) Ag an gcuinniú céanna den Chomhairle tugadh ráiteas chun tacaíocht a léiriú do na Ballstáit arb iad príomhphointí iontrála an mhórshrutha isteach daoine easáitithe atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin, tacaíocht a chumhdaítear faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382. Ar mhaithe le cothromaíocht iarrachtaí a chur cinn cinn i measc na mBallstát ar fad, chomhaontaigh na Ballstáit gan Airteagal 11 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm i ndáil le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach i mBallstát ar leith i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle, agus a bhogann chuig Ballstát eile gan an t-údarú a bheith acu sin a dhéanamh, ach amháin más rud é go gcomhaontaíonn na Ballstáit a mhalairt ar bhonn déthaobhach.
- (3) Faoi Airteagal 10 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle, tá oibleagáid ar na Ballstáit sonraí pearsanta na ndaoine a thairbhíonn de chosaint shealadach ar a gcríoch a chlárú ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, chun críoch an chomhair riaracháin is gá le haghaidh cosaint shealadach a chur chun feidhme, déantar a fhoráil in Airteagal 27(1) den Treoir gur cheart do na Ballstáit, i gcuibhreann leis an gCoimisiún, na bearta

⁵ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrú Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach.

iomchuí uile a dhéanamh chun comhar agus malartú faisnéise díreach a bhunú idir na húdaráis inniúla.

- (4) Is chun leas na mBallstát atá sé faisnéis a mhalartú le tríú tíortha atá páirteach i limistéar Schengen gan rialú ag na teorainneacha inmheánacha. I ndáil leis sin, léirigh an Eilvéis spéis sa mhalartú faisnéise sin, tír a raibh 65 953 dhuine a thairbhíonn de chosaint shealadach ar a críoch cláraithe aici an 25 Deireadh Fómhair⁶. D'fhéadfadh sé go bhfuil roinnt de na daoine sin cláraithe cheana féin i mBallstát den Aontas, agus dá bhrí sin má éascaítear malartú faisnéise leis an Eilvéis maidir leis na daoine sin, féadfaidh na Ballstáit éirí as na tairbhí a bhaineann leis na cearta a ghabhann le cosaint shealadach a thabhairt do na daoine lena mbaineann.
- (5) Ina theannta sin, is chun leas na mBallstát é cobhsaíocht agus cothromaíocht áirithe a áirithiú maidir le dáileadh na ndaoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin, agus an tráth céanna a áirithiú nach féidir mí-úsáid a bhaint as an gcóras.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear don Choimisiún comhaontú a chaibidliú le Cónaidhm na hEilvéise lena gcuirfear bunús faoin malartú faisnéise maidir le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach.

Airteagal 2

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn.

Airteagal 3

Tabharfar faoin gcaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal Oibre um an Tearmann.

⁶ Líon carnach na gelárúchán.

Airteagal 4

Is ar an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

DECLASSIFIED